# Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# An Chairt Aoisbhách

Is é atá sa **Chairt Aoisbhách** seo ná gealltanas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Cathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh ina háit iontach le dul in aois, áit a leagfar luach agus a léireofar meas ar chách.Meabhraíonn an Chairt dúinn faoi na seirbhísí de chuid na Comhairle Cathrach ar féidir le daoine scothaosta a bheith ag súil leo.

Chun an gealltanas seo a chomhlíonadh oibreoidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le daoine scothaosta agus leis na hearnálacha reachtúla, deonacha, acadúla agus príobháideacha.

Déanfar athbhreithniú ar an gcairt seo ar bhonn leanúnach i gcomhréir le hathbhreithnithe ar an Straitéis agus na Pleananna Gníomhaíochta Aoisbhácha.

Tá liosta déanta againn de na bealaí ina ndéanfaimid cinnte go leanfaidh daoine scothaosta ar aghaidh ag baint taitnimh as an saol agus iad ag dul in aois, trínár soláthar seirbhíse a fheabhsú faoi na naoi dtéama seo a leanas atá mar bhonn do **Straitéis Aoisbhách Chathair Bhaile Átha Cliath 2014-2019:**

## Eolas

Dea-eolas atá éasca le tuiscint, faoi sheirbhísí ábhartha, a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, i bhfoirmeacha clóite agus ar líne in áiteanna a dtugann siad cuairt orthu go rialta.

Bealaí a aimsiú le heolas a chur ar fáil do dhaoine scothaosta atá ina n-aonar agus a mbíonn sé deacair dóibh imeacht óna gcuid tithe.

## Teach & Pobal

Roghanna tarraingteacha eile a chur ar fáil do dhaoine scothaosta in áit scáthchóiríochta nó tithe altranais, ina gcuirtear na tacaí ar fáil a ligeann do dhaoine scothaosta fanacht ina dtithe agus ina bpobail féin.

Leas a bhaint as acmhainní atá bunaithe i bpobail áitiúla chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta.

Déanamh cinnte gur féidir le gach aoisghrúpa, ár gcuid saoránach scothaosta san áireamh, rochtain a fháil ar ár gcuid seirbhísí poiblí.

## An Saol Sóisialta, Eacnamaíoch & Polaitiúil

Tacú le Comhairlí na nDaoine Scothaosta agus iad ag déanamh cinnte gur féidir le daoine scothaosta tionchar a bheith acu ar na cinntí a théann i bhfeidhm ar a saol.

Tacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta agus iad a nascadh le deiseanna sóisialta agus cairdis ina gcuid pobal.

## Foghlaim, Forbairt & Obair

Tacú le soláthar deiseanna oiliúna agus fostaíochta a chuireann ar chumas daoine scothaosta saol bríomhar agus gníomhach a bheith acu.

Tacú le forbairt deiseanna oibre deonaí chun leas a bhaint as buanna agus taithí daoine scothaosta sa Chathair.

## Luach & Meas

Éagsúlacht daoine scothaosta a aithint chomh maith lena gcumas leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte ina gcuid pobal.

Déanamh cinnte go léiríonn ár mbaill foirne meas, caoinfhulaingt agus comhbhá agus iad ag freastal ar dhaoine scothaosta.

## Saol Folláin & Gníomhach

Áiseanna agus deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scothaosta chun gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag glacadh páirte sa spórt agus i maireachtáil ghníomhach.

## Áiteanna Lasmuigh & Foirgnimh

Déanamh cinnte go dtógtar san áireamh riachtanais daoine scothaosta agus áiteanna lasmuigh agus foirgnimh á ndearadh agus á gcothabháil.

Dóthain suíochán chomh maith le cosáin chothroma a chur ar fáil agus déanamh cinnte go ndéileáiltear leis na príomhchúiseanna le titim ag daoine scothaosta.

## Sábháilteacht

Oibriú as lámh a chéile leis an nGarda Síochána chun clár oideachais um feasacht faoi shábháilteacht a chur ar fáil do dhaoine scothaosta ina gcuid pobal.

Moladh dár gcuid ball foirne túslíne bheith aireach maidir le hathruithe ar leas daoine agus déileáil leo go héifeachtach.

## Iompar

Oibriú le soláthraithe iompair phoiblí chun déileáil leis na bearnaí san iompar poiblí a mbíonn tionchar acu ar dhaoine scothaosta.

Déanamh cinnte go dtugann amanna trasrianta coisithe neart ama do dhaoine scothaosta chun dul trasna ár gcuid sráideanna go héasca.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

DUBLIN AGE FRIENDLY CITY

www.dublincity.ie